V

(Fógairtí)

NÓSANNA IMEACHTA A BHAINEANN LEIS AN mBEARTAS IOMAÍOCHTA A CHUR CHUN FEIDHME

AN COIMISIÚN EORPACH

Réamhfhógra faoi chomhchruinniú

(Cás M.10837 – ASTARA WESTERN EUROPE / MITSUBISHI CORPORATION / ISUZU MOTORS LIMITED / ISUZU SALES DEUTSCHLAND)

Cás a d'fhéadfaí a chur faoin nós imeachta simplithe

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

(2022/C 466/10)

1. An 28 Samhain 2022, fuair an Coimisiún fógra maidir le comhchruinniú atá beartaithe, fógra a tugadh de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([1]).

Baineann an fógra seo leis na gnóthais seo a leanas:

— Astara Western Europe N.V. (an Bheilg),

— Mitsubishi Corporation (an tSeapáin),

— Isuzu Motors Limited ("Isuzu", an tSeapáin),

— Isuzu Sales Deutschland GmbH (an Ghearmáin), comhfhiontar atá faoi rialú Mitsubishi Corporation agus Isuzu faoi láthair.

Gheobhaidh Astara Western Europe, Mitsubishi Corporation agus Isuzu rialú comhpháirteach, de réir bhrí Airteagal 3(1)(b) den Rialachán um Chumaisc, ar Isuzu Sales Deutschland ina iomláine.

Baintear an comhchruinniú amach trí bhíthin ceannach scaireanna.

2. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó na ngnóthas lena mbaineann:

— Tá Astara Western Europe gníomhach in allmhairiú agus i ndáileadh mórdhíola mótarfheithiclí ceithre roth,

— Tá Mitsubishi Corporation gníomhach ar fud roinnt tionscal, lena n-áirítear airgeadas tionsclaíoch, fuinneamh, miotail, innealra, ceimiceáin, bia agus comhshaol agus dáileadh mótarfheithiclí,

— Tá Isuzu gníomhach i monarú agus i ndáileadh mótarfheithiclí,

— Tá Isuzu Sales Deutschland gníomhach in allmhairiú agus i ndáileadh feithiclí tráchtála éadroma nua agus páirteanna breise gaolmhara agus gabhálais.

3. Tar éis réamhscrúdú a dhéanamh, is é cinneadh an Choimisiúin go bhféadfadh an t-idirbheart ar tugadh fógra ina leith a bheith faoi raon feidhme an Rialacháin um Chumaisc. Ach forchoimeádtar an cinneadh críochnaitheach maidir leis sin.

([1]) IO L 24, 29.1.2004, lch. 1 (an "Rialachán um Chumaisc").

De bhun an Fhógra ón gCoimisiún maidir le nós imeachta simplithe i dtaca le cóireáil comhchruinnithe áirithe faoi Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([2]), ba cheart a thabhairt faoi deara go bhféadfaí an cás seo a chur faoin nós imeachta a leagtar amach san Fhógra.

4. Iarrann an Coimisiún ar thríú páirtithe leasmhara aon bharúlacha a bheadh acu maidir leis an oibríocht atá beartaithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

Ní mór na barúlacha a bheith faighte ag an gCoimisiún tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis dháta foilsithe an fhoilseacháin seo. Ba cheart an tagairt seo a leanas a lua i gcónaí:

M.10837 – ASTARA WESTERN EUROPE / MITSUBISHI CORPORATION / ISUZU MOTORS LIMITED / ISUZU SALES DEUTSCHLAND

Is féidir barúlacha a sheoladh chuig an gCoimisiún le ríomhphost, le facs nó tríd an bpost. Baintear úsáid as na sonraí teagmhála:

R-phost: COMP-MERGER-REGISTRY@ec.europa.eu

Facs +32 22964301

Seoladh poist:

European Commission
Directorate-General for Competition
Merger Registry
1049 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË

([2]) IO C 366, 14.12.2013, lch. 5.